



An Bhruiséil, 28 Samhain 2016
(OR. en)

14708/16

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2016/0133 (COD)
2016/0222 (COD)
2016/0223 (COD)
2016/0224 (COD)
2016/0225 (COD)

ASILE 80
ASIM 157
RELEX 972
CODEC 1704

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	8715/1/16 REV 1 ASILE 11 CODEC 613 11318/1/16 REV 1 ASILE 28 CODEC 1078 11316/16 ASILE 26 CODEC 1076 + ADD 1 11317/16 ASILE 27 CODEC 1077 + ADD 1 + ADD 2 11313/16 ASIM 107 RELEX 650 COMIX 534 CODEC 1073
Ábhar:	– Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé na Ballstáit atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas le haghaidh cosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (An chéad léamh) – Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin chun glacadh le hiarratasóirí le haghaidh cosaint idirnáisiúnta (athmhúnlú) (An chéad léamh) – Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhíthe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a thugtar, agus lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (An chéad léamh) – Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcobhsaítear nós imeachta comhchoiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear 2013/32/AE (An chéad léamh)

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Creat Athlonnaithe an Aontais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle(an chéad léamh)
- = Tuarascáil ar dhul chun cinn
-

I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 13-14 Deireadh Fómhair 2016, d'fhormhuinigh an Chomhairle um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile cur chuige trí threoch de réir mar a mhol Uachtaránacht na Slóvaice i dtaobh scrúdú a dhéanamh ar athchóiriú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS) le linn a téarma¹.

Ar an mbonn sin, tá an chéad bhabhta den scrúdú ar Rialachán Bhaile Átha Cliath, ar Rialachán Cáilitheachta agus ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha curtha i gcrích ag an Meitheal um Thearmann agus tá tús curtha aici ar an Rialachán Nós Imeachta a scrúdú.

II. RIALACHÁN BHAILE ÁTHA CLIATH

2. Chuaigh an Mheitheal um Thearmann i gceann an togra a scrúdú ag an gcruinniú a bhí aici ar an 26 Bealtaine 2016.
3. Cé go bhfuil **forchoimeádais ghrinnscrúdaithe ghinearálta** curtha isteach ag an gcuid is mó de na Ballstáit, bhí tromlach na dtoscaireachtaí den tuairim go bhfuil **gá le rialacha reatha Bhaile Átha Cliath a athchóiriú agus thacaigh siad le dhá cheann de phríomhaidhmeanna** an Rialacháin: an Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar éilimh maidir le tearmann agus gluaiseachtaí tánaisteacha a chosc, go ndéanfaidh sé cinneadh níos sciobtha agus ar bhealach níos éifeachtúla.
4. Ar na hábhair inní is mó a bhí ag na toscaireachtaí le linn an togra a bheith á scrúdú de chéadair, áirítear an méid seo a leanas:
 - aon Bhallstát amháin atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar éilimh ar thearmann agus deireadh a chur le scor freagrachta;

¹ I ndáil leis an gcur chuige trí threoch, féach pointe 12 in 12724/16.

- an oibleagáid atá ar na Ballstáit i gcás inar taisceadh an t-iarratas maidir le seiceálacha áirithe a dhéanamh sula gcuirfear na critéir i bhfeidhm chun cé acu Ballstát atá freagrach a chinneadh;
 - an sainmhíniú ar “baill teaghlaigh”;
 - rialacha leasaithe le haghaidh réitigh;
 - spriocdhátaí níos giorra i ndáil le coinneáil agus le haistrithe;
 - an sásra leithdháilte ceartaitheach agus an ranníocaíocht dlúthpháirtíochta airgeadais;
 - ceisteanna airgeadais, oibríochtúla agus praiticiúla i ndáil leis an gcóras nua uathoibrithe.
5. Táthar ag súil go n-atosófar go luath ar an scrúdú ar an togra le haghaidh athmhúnlú ar Rialachán Bhaile Átha Cliath a rinne comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle ach treoir a fháil faoin mbealach chun cinn ar an leibhéal polaitiúil.

III. TREOIR MAIDIR LE COINNÍOLLACHA GLACTHA

6. Chuaigh an Mheitheal um Thearmann i gceann an togra a scrúdú ag an gcruinniú a bhí aici ar an 9 agus an 21 Samhain 2016. Cé gur **thacaigh toscaireachtaí i gcoitinne le cuspóirí an togra, rinne na toscaireachtaí go léir, beagnach, forchoimeádas grinnscrúdaithe ginearálta** a thíolacadh faoin togra ina iomláine. Tíolacadh **forchoimeádais shubstainteacha** freisin faoi earraí áirithe, go háirithe nuair atá siad nasctha le Rialachán Bhaile Átha Cliath agus le tograí eile sa phacáiste.
7. Ar na hábhair inní is mó a bhí ag na toscaireachtaí le linn an togra a bheith á scrúdú de chéadair, áirítear an méid seo a leanas:
- sainmhínithe áirithe, amhail ‘baill teaghlaigh’, ‘caomhnóir’, ‘coinníollacha ábhartha glactha’, ‘riosca éalaithe’;
 - an spriocdháta do na Ballstáit chun an t-iarratasóir a chur ar an eolas go hiomlán maidir le haon sochar nó na hoibleagáidí atá le comhlíonadh a bhaineann le coinníollacha glactha;

- na forais atá ag na Ballstáit maidir le doiciméad taistil a sholáthar d’iarratasóirí mar gheall ar chúiseanna tromchúiseacha daonnúla nó cúiseanna dianriachtanacha eile;
- an spriocdháta giorraithe do na Ballstáit chun a áirithiú go bhfuil rochtain éifeachtach ag iarratasóirí ar mhargadh an tsaothair;
- an ceanglas atá ann go gcaithfear go cothrom le náisiúnaigh nuair a dhéantar dioplómaí, deimhnithe agus cruthúnas eile ar cháilíochtaí foirmiúla a aithint;
- an sásra neamhleor i dtaobh smachtbhannaí i gcás na n-iarratasóirí sin nach gcomhoibríonn;
- an oibleagáid maidir le measúnú córasach a dhéanamh féachaint an iarratasóir é a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha aige;
- an spriocdháta chun caomhnóir a cheapadh le hionadaíocht a dhéanamh agus cúnamh a thabhairt do mhionaoisigh neamhthionlactha;
- an oibleagáid atá ar na Ballstáit maidir le caighdeáin oibríochtúla a chur san áireamh maidir leis na coinníollacha glactha agus na táscairí a d’fhorbair Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann;
- an oibleagáid atá ar na Ballstáit pleananna teagmhais a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta;
- an dáta chun an Treoir a thrasú.

IV. AN RIALACHÁN CÁILITHEACHTA

8. Chuaigh an Mheitheal um Thearmann i gceann an togra a scrúdú ag an gcruinniú a bhí aici ar an 27-28 Deireadh Fómhair agus lean sí de ar an 8 Samhain 2016. **Rinne an chuid is mó de na toscaireachtaí forchoimeádais ghrinnscrúdaithe a thíolacadh.**
9. Is iad seo leanas cuid de na príomh-shaincheistanna a d’ardaigh na toscaireachtaí:
 - sainmhínithe áirithe amhail ‘baill teaghlaigh’, “cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar ‘, ‘slándáil shóisialta ‘, ‘cúnamh sóisialta’ agus ‘caomhnóir’;
 - na naisc idir an stádas náisiúnta daonnúil agus an stádas maidir le cosaint idirnáisiúnta;

- an oibleagáid atá ar na Ballstáit an anailís chomhchoiteann agus an treoir ó Ghníomhaireacht AE um Thearmann a chur san áireamh i ndáil leis an staid sa tír thionscnaimh;
- an dualgas atá ar na Ballstáit infhaighteacht na cosanta inmheánaí a léiriú;
- athbhreithnithe éigeantacha córasacha maidir le stádais chosanta;
- na forais le haghaidh stádas mar dhídeanaí a chúlghairm, a chríochnú nó chun athnuachan an stádas mar dhídeanaí a dhiúltú nó duine a eisiamh ó bheith incháilithe le haghaidh cosanta coimhdí;
- an sprioc 30 lá do Bhallstáit maidir le cead cónaithe a eisiúint nuair atáthar tar éis cosaint idirnáisiúnta a dheonú; tréimhse bailíochta an cheada cónaithe chomh maith leis an idirdhealú a dhéantar idir an dá chatagóir de chosaint idirnáisiúnta sa chomhthéacs sin;
- an rochtain ar an tslándáil shóisialta agus ar an gcúnamh sóisialta;
- an spriocdháta maidir le caomhnóir dlíthiúil a cheapadh do mhionaoisigh neamhthionlactha;
- an spriocdháta d’infheidhmeacht an Rialacháin;
- an rogha ionstraime dlí (Rialachán seachas Treoir).

Ag an gcruinniú a bhí aici ar an 19-20 Nollaig 2016, rachaidh an Mheitheal um Thearmann i mbun an togra seo a scrúdú an athuair ar bhonn na moltaí comhréitigh ón Uachtaránacht.

V. AN RIALACHÁN NÓS IMEACHTA

11. Tá an Mheitheal um Thearmann tar éis Airteagail 1-18 den togra a scrúdú ag na cruinnithe a bhí aici ar an 8, 21 agus ar an 22 Samhain 2016.
12. Thíolaic an chuid is mó de na Ballstáit **forchoimeádais ghrinnscrúdaithe** agus thíolaic roinnt acu **forchoimeádais pharlaiminteacha** freisin. Tá **tacaíocht ghinearálta ann maidir le cuspóir** an togra ón gCoimisiún, áfach, i dtaobh leibhéal comhchuibhithe na nósanna imeachta tearmainn in AE a mhéadú. Rinneadh roinnt **forchoimeádas substainteach** a thíolacadh chomh maith, go háirithe i ndáil le gnéithe a bhaineann le Rialachán Bhaile Átha Cliath, chomh maith le tograí eile a bhaineann le hathchóiriú CEAS.

13. Ar na hábhair inní a tharraing na Ballstáit anuas go nuige seo áirítear iad seo leanas:

- an deis chun Rialachán a dhéanamh den Treoir atá ann faoi láthair i bhfianaise na n-oibleagáidí nua a bheadh i gceist leis sin;
- na difríochtaí idir na sainmhínithe atá sna tograí éagsúla le haghaidh athchóiriú CEAS;
- na heilimintí a bhaineann le naisc idir an Rialachán seo agus Rialachán Bhaile Átha Cliath;
- an oibleagáid atá ar an údarás cinntitheach maidir le seirbhís ateangaire a chur ar fáil d'iarratasóirí, lena n-áirítear céim an achomhairc;
- méid an chúnamh a thabharfaidh údaráis de chuid Ballstáit eile agus de chuid EASO don údarás cinntitheach;
- an ceart chun cúnamh dlí saor in aisce a fháil agus ionadaíocht le haghaidh gach céim den nós imeachta (ó thaobh riaracháin agus na breithiúna);
- an oibleagáid maidir le hagallaimh a thaifeadadh agus scríbhinn nó taifeadadh an agallaimh a stóráil.

VI. RIALACHÁN MAIDIR LE hATHLONNÚ

14. Rachaidh an Mheitheal um Thearmann i mbun mionscrúdú a dhéanamh, airteagal ar airteagal, ar an togra maidir le creat de chuid AE a chruthú chun daoine a athlonnú le linn an chruinnithe a bhí aige ar an 2 Nollaig 2016.

II. CONCLÚID

15. Iarrtar ar COREPER agus ar an gComhairle an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire.